2023/2613

24.11.2023

RIALACHÁN (AE) 2023/2613 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Samhain 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le bearta idirthréimhseacha chun min feola agus cnámh a onnmhairiú mar bhreosla chun críocha dócháin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 43(3) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir le sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe i dtaca le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a chur ar an margadh agus a onnmhairiú.

(2) Sonraítear in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 gur cheart min feola agus cnámh Chatagóir 1 (MBM) a dhiúscairt trí loscadh, trí chomhloscadh, trí dhó nó trí líonadh talún chun athiontráil agus éilliú an tslabhra beathaithe a chosc.

(3) In 2021 chuir údaráis inniúla na hÉireann in iúl go raibh siad ag tógáil gléasraí chun feoil agus min chnámh a dhó, agus d'iarr siad go n-údarófaí sreafaí trádála traidisiúnta MBM d'ábhair Chatagóir 1 a bheadh beartaithe lena ndiúscairt sa Ríocht Aontaithe le linn idirthréimhse. Dheonaigh an Coimisiún an maolú iarrtha don tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2023 le Rialachán (AE) 2021/899 ón gCoimisiún ([3]).

(4) I mí Aibreáin 2023, chuir údaráis inniúla na hÉireann an Coimisiún ar an eolas faoi roinnt moilleanna sa phleanáil a rabhthas ag súil léi agus d'iarr siad ar an gCoimisiún síneadh a chur leis an idirthréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025. Tacaíonn an Coimisiún le hiarrachtaí na hÉireann a acmhainn dócháin féin a bhunú chun seachtháirgí ainmhithe a dhiúscairt. Ba cheart, dá bhrí sin, an idirthréimhse a shíneadh go ceann 18 mí dar tosach an 1 Eanáir 2024. Ba cheart an tréimhse seo a úsáid de réir mar is cuí chun na tionscadail leanúnacha maidir le tógáil acmhainne de ghléasraí dócháin in Éirinn a thabhairt chun críche.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus ítimí atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2021/899 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 maidir le bearta idirthréimhseacha chun min feola agus cnámh a onnmhairiú mar bhreosla chun críocha dócháin (IO L 197, 4.6.2021, lch. 68).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn XIV, Caibidil V, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) den tríú colún de shraith 3:

‘(a) tá sé údaraithe ag údarás inniúil na hÉireann an t-onnmhairiú a dhéanamh chuig an ngléasra dócháin sa Ríocht Aontaithe go dtí an 30 Meitheamh 2025, ar choinníoll go ndéantaí gluaiseachtaí den chineál sin de mhin feola agus cnámh ó ábhair i gCatagóir 1 atá ceaptha lena ndiúscairt ón mBallstát sin roimh an 1 Eanáir 2021 faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6(6), (7) agus (8);’.